C/2023/1213

28.11.2023

Foilsiú iarratais ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge maidir le hainm in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2023/1213)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

IARRATAS AR LEASÚ AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Dunántúli/Dunántúl'

PGI-HU-A1351-AM03

Dáta cur i bhfeidhm: 20.5.2020

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Comhairle Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Etyek-Buda

Chuir Comhairle Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Etyek-Buda (Etyek-Budai Borvidék Hegyközségi Tanácsa), a bhfuil an t-iarratas ar leasú á chur isteach aici, an t-iarratas isteach ar TGFC 'Dunántúl' a chlárú.

Tá Comhairle Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Etyek-Buda ag déanamh ionadaíochta thar ceann na bpobal fíona agus na gcomhairlí pobal fíona seo a leanas, a thacaigh d'aon toil leis an iarraidh ar leasú: Badacsonyi Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Badacsony); Balatonboglári Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Balatonboglár); Balatonfelvidéki Hegyközségi Tanács (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Balatonfelvidék); Balatonfüred-Csopaki Borvidék Hegyközségi Tanács (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Balatonfüred-Csopak); Etyek-Budai Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Etyek-Buda); Móri Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Mór); Nagy-Somlói Borvidék Hegyközsége (Comhairle Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Nagy-Somló); Neszmélyi Borvidék Hegyközségi Tanács (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Neszmély); Pannonhalmi Borvidék Hegyközsége (Comhairle Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Pannonhalma); Pécsi Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Pécs); Soproni Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Sopron); Hegyközségi Tanács Szekszárd (Comhairle Pobal Fíona Szekszárd); Tolnai Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Tolna); Villányi Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Villány); Zalai Borvidék Hegyközségi Tanácsa (Comhairle Réigiúnach Pobal Fíona an Réigiúin Fíona Zala).

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (na leasuithe) difear dó**

☐ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☒ Nasc

☐ Srianta margaíochta

3. **Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú**

Catagóir táirge an fhíona leathshúilínigh aeraithe a chur san áireamh (doiciméad aonair, roinn 3: Catagóirí na dtáirgí fíniúna)

Cheadófaí le leasú ar an tsonraíocht an táirge a chur ar an margadh de réir an chatagóra táirge le haghaidh an TGFC 'Dunántúl/Dunántúli' freisin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Thosaigh fíonlanna ar fhíon leathshúilíneach aeraithe a dhéanamh sa limistéar críochaithe na scórtha blianta ó shin. Le himeacht ama, d'fhás dlúthbhaint idir an fíon seo agus réigiún Dunántúl (an Trasdanóib) in aigne tomhaltóirí, agus tá clú agus aitheantas speisialta air mar gheall ar a cháilíocht shármhaith. Is é is aidhm don leasú seo clú an táirge seo a chur chun cinn a thuilleadh, agus dálaí táirgthe na bhfíonlann a oibríonn sa limistéar críochaithe a chomhchuibhiú. Le blianta beaga anuas, tá éileamh an mhargaidh ag díriú níos mó ná riamh ar an bhfíon súilíneach aeraithe.

Ceannteidil a ndéanfar difear dóibh:

Ceannteideal II:	Tuairisc ar na fíonta (doiciméad aonair, pointe 4: Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta
Ceannteideal III:	Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (doiciméad aonair, pointe 5.1.2.: Cleachtais fhíoneolaíocha éigeantacha; pointe 5.2.: Uastáirgeacht)
Ceannteideal V:	Uastáirgeacht (doiciméad aonair, pointe 5.2: Uastáirgeacht)
Ceannteideal VI:	Cineálacha fíonchaoire a cheadaítear (doiciméad aonair, pointe 7: Príomhchineál fíonchaoire (príomhchineálacha fíonchaoire)
Ceannteideal VII:	Nasc leis an limistéar geografach (doiciméad aonair, pointe 8.2: Tuairisc ar an nasc)
Ceannteideal VIII:	Coinníollacha breise (doiciméad aonair, pointe 9.: Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile).

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Dunántúli/Dunántúl

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

9. Fíon leathshúilíneach aeraithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

Fíon – geal

Fíonta geala éadroma a mbíonn réimse dathanna orthu ó ghlasbhuí go hórbhuí, agus bíonn déine a ndea-bholaidh measartha le haigéid thathagacha.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

Fíon – dearg

Bíonn réimse dathanna ó chorcairdhearg go rúibíneach ar na fíonta dearga, bíonn dea-bholadh torthaíoch uathu, agus bíonn leibhéal na tainnine meánach le haigéid thathagacha chomhchuí.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

Fíon – Rosé

Bíonn réimse dathanna ó dhath an bhradáin go dearg éadrom ar na fíonta rosé, agus bíonn déine a ndea-bholaidh measartha le haigéid thathagacha.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

Fíon leathshúilíneach aeraithe – geal

Bíonn dathanna idir glasbhán agus órbhuí ar na fíonta seo. Bíonn dea-bholadh torthaíoch orthu, de thorthaí citris, piorraí agus úlla glasa go príomha. Bíonn tathag éadrom sna fíonta seo agus blas éadrom, chomh maith le haigéid úra. Déantar blasanna agus dea-bholaithe an fhíona a fheabhsú ag an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha a cuireadh leis.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9

Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

Fíon leathshúilíneach aeraithe – rosé

Féadfaidh idir dath éadrom an chraicinn oinniún agus dearg éadrom a bheith ar na fíonta. Bíonn dea-bholadh torthaíoch orthu, (de shilíní agus súnna talún go príomha), agus saintréithe bríomhara, úra acu. Déantar blasanna agus dea-bholaithe an fhíona a fheabhsú ag an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha a cuireadh leis.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

Fíon leathshúilíneach aeraithe – dearg

Féadfaidh idir dath éadrom an chraicinn oinniún agus dearg éadrom a bheith ar na fíonta. Bíonn dea-bholadh torthaíoch orthu (de phlumaí, silíní agus silíní searbha go príomha), agus saintréithe bríomhara, úra acu. Déantar blasanna agus dea-bholaithe an fhíona a fheabhsú ag an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha a cuireadh leis.

* Tá feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir leis an neart alcóil iomlán uasta agus an dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Na rialacha maidir le modh treoraithe fíniúnacha

Cleachtais maidir le treorú fíniúnacha

I gcás fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2010: na córais treoraithe ar a dtugtar scáth, *Moser*, *Sylvos*, tródam íseal, meán-ard agus ard, *Guyot*, cuirtín shingil, ceann, cuachthreorú agus *Lyra*

Dlús plandaithe: íosmhéid 3 300 fíniúin in aghaidh an heicteáir.

I gcás fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2010, féadfar fíonghoirt a úsáideann aon mhodh saothraithe agus déine phlandála a formheasadh roimhe a úsáid fad atá an fíonghort á oibriú.

Íosmhéid siúcra na bhfíonchaor arna shloinneadh mar neart alcóil féideartha agus mar ghrád úrfhíona na hUngáire (MM)

Cleachtais maidir le treorú fíniúnacha

I gcás fíona agus fíona leathshúilínigh aeraithe: 8 % de réir toirte, 13,4 MM

Modh agus dáta buainte

Cleachtais maidir le treorú fíniúnacha

Modh buainte: ceadaítear buain láimhe agus mheicniúil araon

Dáta na buainte a shocrú: Is é 1 Lúnasa an dáta is luaithe buainte gach bliain.

Ní cheadaítear cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas fíoneolaíocha sonrach

Déantar na fíonchaora a úsáidtear chun fíon 'Dunántúli/Dunántúl' a tháirgeadh a phróiseáil de réir modhanna próiseála ginearálta. Ní cheadaítear na cleachtais fhíoneolaíocha a liostaítear in rónna 11.1 agus 11.3 de Thábla 2 i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún ([2]).

b. *Uastáirgeacht*

Fíonta agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe

160 hl/ha

Fíonta agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe – buain láimhe

22 700 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

Fíonta agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe – buain mheicniúil

21 700 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

An limistéar ar thaobh deas phríomhchraobh na Danóibe i gContaetha Baranya, Búdaipeist agus Pest, agus na limistéir de Chontaetha Fejér, Győr-Moson-Sopron, Komárom-Esztergom, Somogy, Tolna, Vas, Veszprém agus Zala a aicmítear mar Aicme I agus II de chlár talún na réigiún ina dtáirgtear fíon.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

aletta

alibernet

alicante boushet

bacchus

bianca

blauburger

blauer frühburgunder

([2]) IO L 149, 7.6.2019, lch. 1.

blauer silvaner

budai – budai zöld

budai – zöld budai

budai – zöldfehér

budai – zöldszőlő

bíbor kadarka

cabernet franc – cabernet

cabernet franc – carbonet

cabernet franc – carmenet

cabernet franc – gros cabernet

cabernet franc – gros vidur

cabernet franc – kaberne fran

cabernet sauvignon

chardonnay – chardonnay blanc

chardonnay – kereklevelű

chardonnay – morillon blanc

chardonnay – ronci bilé

chasselas – chasselas blanc

chasselas – chasselas dorato

chasselas – chasselas doré

chasselas – chrupka belia

chasselas – fehér fábiánszőlő

chasselas – fehér gyöngyszőlő

chasselas – fendant blanc

chasselas – saszla belaja

chasselas – weisser gutedel

csabagyöngye - péarla csaba

csabagyöngye – perla czabanska

csabagyöngye – perla di csaba

csabagyöngye – perla di csaba

csabagyöngye – perle von csaba

csabagyöngye – vengerskii muskatnii rannüj

csabagyöngye – zsemcsug szaba

cserszegi fűszeres

csomorika - csomor

csomorika – gyüdi fehér

csomorika – szederkényi fehér

csókaszőlő

domina

dornfelder

ezerfürtű

ezerjó – kolmreifler

ezerjó – korponai

ezerjó – szadocsina

ezerjó – tausendachtgute

ezerjó – tausendgute

ezerjó – trummertraube

furmint - furmint bianco

furmint - moslavac bijeli

furmint - mosler

furmint - posipel

furmint - som

furmint - szigeti

furmint - zapfner

generosa

hamburgi muskotály – miszket hamburgszki

hamburgi muskotály – moscato d'Amburgo

hamburgi muskotály – muscat de hambourg

hamburgi muskotály - muscat hamburg

hamburgi muskotály – muszkat gamburgszkij

hárslevelű – feuilles de tilleul

hárslevelű – garszleveljü

hárslevelű – lindeblättrige

hárslevelű – lipovina

irsai olivér – irsai

irsai olivér – muskat olivér

irsai olivér – zolotis

irsai olivér – zolotisztüj rannüj

juhfark – fehérboros

juhfark – lämmerschwantz

juhfark – mohácsi

juhfark – tarpai

kadarka - csetereska

kadarka - fekete budai

kadarka - gamza

kadarka - jenei fekete

kadarka - kadar

kadarka - kadarka negra

kadarka - negru moale

kadarka - szkadarka

kadarka - törökszőlő

karát

királyleánka – dánosi leánka

királyleánka – erdei sárga

királyleánka – feteasca regale

királyleánka – galbena de ardeal

királyleánka – königliche mädchentraube

királyleánka – königstochter

királyleánka – banphrionsa beag

korai piros veltelini – crvena babovina

korai piros veltelini – eper szőlő

korai piros veltelini – frühroter velteliner

korai piros veltelini – kis veltelini

korai piros veltelini – malvasia rossa

korai piros veltelini – piros malvazia

korai piros veltelini – velteliner rouge précoce

korai piros veltelini – veltlinske cervené skoré

korona

kék bakator

kékfrankos – blauer lemberger

kékfrankos – blauer limberger

kékfrankos – blaufränkisch

kékfrankos – limberger

kékfrankos – moravka

kéknyelű - blaustängler

kékoportó - blauer portugieser

kékoportó - modry portugal

kékoportó - portugais bleu

kékoportó - portugalske modré

kékoportó - portugizer

kövidinka - a dinka crvena

kövidinka - a dinka mala

kövidinka - a dinka rossa

kövidinka - a kamena dinka

kövidinka - a ruzsica

kövidinka - steinschiller

kövérszőlő - grasa

kövérszőlő - grasa de cotnari

leányka – dievcenske hrozno

leányka – feteasca alba

leányka – leányszőlő

leányka – mädchentraube

menoire

merlot

nektár

nero

olasz rizling – grasevina

olasz rizling – nemes rizling

olasz rizling – olaszriesling

olasz rizling – riesling italien

olasz rizling – risling vlassky

olasz rizling – taljanska grasevina

olasz rizling – welschriesling

ottonel muskotály – miszket otonel

ottonel muskotály – muscat ottonel

ottonel muskotály – muskat ottonel

pinot blanc – fehér burgundi

pinot blanc – pinot beluj

pinot blanc – pinot bianco

pinot blanc – weissburgunder

pinot noir – blauer burgunder

pinot noir – kisburgundi kék

pinot noir – kék burgundi

pinot noir – kék rulandi

pinot noir – pignula

pinot noir – pino csernüj

pinot noir – pinot cernii

pinot noir – pinot nero

pinot noir – pinot tinto

pinot noir – rulandski modre

pinot noir – savagnin noir

pinot noir – spätburgunder

pintes

piros bakator - bakar rózsa

piros bakator - bakator rouge

piros bakator - bakatortraube

piros veltelini – nagyságos

piros veltelíni – fleischtraube

piros veltelíni – somszőlő

piros veltelíni – velteliner rouge

piros veltelíni – veltlinské cervené

piros veltelíni – veltlinszki rozovij

pátria

pölöskei muskotály

rajnai rizling – johannisberger

rajnai rizling – rheinriesling

rajnai rizling – rhine riesling

rajnai rizling – riesling

rajnai rizling – riesling blanc

rajnai rizling – weisser riesling

rizlingszilváni – müller thurgau

rizlingszilváni – müller thurgau bijeli

rizlingszilváni – müller thurgau blanc

rizlingszilváni – rivaner

rizlingszilváni – rizvanac

rozália

rubintos

rózsakő

sagrantino

sauvignon – sauvignon bianco

sauvignon – sauvignon bijeli

sauvignon – sauvignon blanc

sauvignon – sovinjon

semillon – petit semillon

semillon – semillon bianco

semillon – semillon blanc

semillon – semillon weisser

syrah - blauer syrah

syrah - marsanne noir

syrah - serine noir

syrah – shiraz

syrah - sirac

szürkebarát – auvergans gris

szürkebarát – grauburgunder

szürkebarát – graumönch

szürkebarát – pinot grigio

szürkebarát – pinot gris

szürkebarát – ruländer

sárfehér

sárga muskotály – moscato bianco

sárga muskotály – muscat blanc

sárga muskotály – muscat bélüj

sárga muskotály – muscat de frontignan

sárga muskotály – muscat de lunel

sárga muskotály – muscat lunel

sárga muskotály – muscat sylvaner

sárga muskotály – muscat zlty

sárga muskotály – muskat weisser

sárga muskotály – weiler

sárga muskotály – weisser

tannat

tramini – gewürtztraminer

tramini – roter traminer

tramini – savagnin rose

tramini – tramin cervené

tramini – traminer

tramini – traminer rosso

turán

viktória gyöngye

viognier

vulcanus

zalagyöngye

zefír

zengő

zenit

zeus

zweigelt – blauer zweigeltrebe

zweigelt – rotburger

zweigelt – zweigeltrebe

zöld szagos - decsi szagos

zöld szagos – zöld muskotály

zöld szilváni - grüner sylvaner

zöld szilváni – silvanec zeleni

zöld szilváni – sylvánske zelené

zöld veltelíni - grüner muskateller

zöld veltelíni - grüner veltliner

zöld veltelíni - veltlinské zelené

zöld veltelíni - zöldveltelíni

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Fíon*

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Is é réigiún na Trasdanóibe san Ungáir ('Dunántúl' san Ungáiris) an limistéar táirgthe críochaithe le haghaidh an Táisc Gheografaigh faoi Chosaint 'Dunántúli/Dunántúl'. Cuireann dhá thoisc saintréith fho-Mheánmhuirí lena aeráid ilchríochach: aershreabha aniar lena dtugtar aer aigéanach agus sléibhtiúil a bhíonn fionnuar tais, agus aershreabha na Meánmhara aneas lena dtugtar aer te tirim ón Meánmhuir chuig an Trasdanóib. Dá thoradh sin, bíonn an samhradh níos fliche agus ní bhíonn sé chomh te agus a bhíonn sa réigiún Meánmhuirí, agus bíonn an fómhar níos grianmhara agus níos tirime ná a bhíonn i réigiúin eile a bhfuil aeráid ilchríochach acu.

9–11 °C í an mheánteocht bhliantúil, agus faigheann thart ar 1 900 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Bíonn an méid frasaíochta bliantúil idir 600 agus 800 mm. Tá cnoic agus sliabhraonta measartha arda mar chomharthaí sóirt de thírdhreach na Trasdanóibe. Gné thábhachtach den tírdhreach seo is ea go bhfaightear sruthanna, aibhneacha agus, uaireanta, lochanna in aice leis an gcuid is mó lonnaíochtaí. Ithir dhonn na foraoise den chineál Ramann ina bhfuil inláisteadh cré í ithir an limistéir táirgthe chríochaithe.

Tuairisc ar na fíonta

Cibé cineál atá iontu, is saintréithe de na fíonta uile 'Dunántúli/Dunántúl' iad dea-bholadh éadrom neamhshuntasach, ar dhéine mheasartha, aigéid thathagacha, agus éadroime agus úire.

Bhí príomhról ag an bhfíonsaothrú freisin i saol na gcéad lonnaitheoirí ón Ungáir sa Trasdanóib agus bhí sé mar phríomhfhoinse ioncaim do mhuintir na háite: mar tháirge onnmhairiúcháin tábhachtach, rinneadh fíon a iompar i gcainníochtaí móra chuig tíortha comharsanacha.

Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh

Mar thoradh ar na haershreabha aniar a bhfuil tionchar acu ar aeráid na Trasdanóibe, bíonn báisteach leordhóthanach ann fiú le linn an tsamhraidh, agus ní tharlaíonn ach líon íseal laethanta triomaigh i gcomparáid le réigiúin ilchríochacha eile atá suite ar an domhanleithead céanna. A bhuí le hacmhainn ithir dhonn na foraoise chun uisce a choinneáil, bíonn soláthar leordhóthanach uisce ag na fíniúnacha, fiú le linn theaspach an tsamhraidh.

Go hiondúil, cuireann táirgeoirí an limistéir táirgthe na cineálacha fíonchaor a aibítear go measartha déanach (e.g. Kadarka, Kékoportó) agus go déanach (e.g. Olaszrizling, Kékfrankos, Szürkebarát) den TGFC 'Dunántúli/Dunántúl' ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas, soir ó dheas agus siar ó dheas. Cuidíonn na gathanna gréine a fhrithchaitear le dromchla uisce na sruthanna, aibhneacha nó lochanna ar bhunchnoic na bhfánaí sin le haibiú na bhfíonchaor san fhómhar fada grianmhar a bhíonn inchurtha i leith fhrithchioclóin na Meánmhara, rud a thugann a n-aigéadacht thathagach, aibí agus an doimhneacht blais d'fhíonta 'Dunántúli/Dunántúl', agus a thugann tainniní síodúla, galánta do na fíonta rosé agus dearga.

8.2. *Fíon leathshúilíneach aeraithe*

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Is é réigiún na Trasdanóibe san Ungáir ('Dunántúl' san Ungáiris) an limistéar táirgthe críochaithe le haghaidh an Táisc Gheografaigh faoi Chosaint 'Dunántúli/Dunántúl'. Cuireann dhá thoisc saintréith fho-Mheánmhuirí lena aeráid ilchríochach: aershreabha aniar lena dtugtar aer aigéanach agus sléibhtiúil a bhíonn fionnuar tais, agus aershreabha na Meánmhara aneas lena dtugtar aer te tirim ón Meánmhuir chuig an Trasdanóib. Dá thoradh sin, bíonn an samhradh níos fliche agus ní bhíonn sé chomh te agus a bhíonn sa réigiún Meánmhuirí, agus bíonn an fómhar níos grianmhara agus níos tirime ná a bhíonn i réigiúin eile a bhfuil aeráid ilchríochach acu.

9–11 °C í an mheánteocht bhliantúil, agus faigheann thart ar 1 900 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Bíonn an méid frasaíochta bliantúil idir 600 agus 800 mm. Tá cnoic agus sliabhraonta measartha arda mar chomharthaí sóirt de thírdhreach na Trasdanóibe. Gné thábhachtach den tírdhreach seo is ea go bhfaightear sruthanna, aibhneacha agus, uaireanta, lochanna in aice leis an gcuid is mó lonnaíochtaí. Ithir dhonn na foraoise den chineál Ramann ina bhfuil inláisteadh cré í ithir an limistéir táirgthe chríochaithe.

Tuairisc ar na fíonta

Saintréith shonrach a bhaineann le fíonta leathshúilíneacha aeraithe, mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin a chuirtear leo, is ea go mbíonn tathag éadrom iontu agus go mbíonn na haigéid úra níos déine in aon bhaisc ar leith, rud a fheabhsaíonn an brath úr comhchuí torthaí.

Bíonn leibhéal aigéadachta na bhfíonta leathshúilíneacha aeraithe 'Dunántúli/Dunántúl' comhchuí agus meánach ar a laghad, agus bíonn úire iontu, le blasanna a chuireann torthaí citris úra, úlla agus fiú piorraí i gcuimhne.

Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh

Tá aeráid réigiún na Trasdanóibe oiriúnach chun fíonta geala éadroma agus úra, fíonta rosé saibhre agus fíonta dearga éadroma a tháirgeadh, agus bíonn na fíonta sin ina mbonn sármhaith chun fíonta leathshúilíneacha aeraithe a tháirgeadh.

Tar éis faireachán leanúnach a dhéanamh ar éileamh an mhargaidh agus a bhuí le dul chun cinn i dteicneolaíocht iomaíoch, thosaigh fíonlanna ar fhíon leathshúilíneach aeraithe a dhéanamh sa limistéar críochaithe na scórtha blianta ó shin. Le himeacht ama, d'fhás dlúthbhaint idir an fíon seo agus réigiún na Trasdanóibe in aigne tomhaltóirí, agus tá clú agus aitheantas speisialta air mar gheall ar a cháilíocht shármhaith.

Mar a mhínítear i gcás na bhfíonta, mar thoradh ar na haershreabha aniar a bhfuil tionchar acu ar aeráid na Trasdanóibe, bíonn báisteach leordhóthanach ann fiú thar thréimhse an tsamhraidh, agus ní tharlaíonn ach líon íseal laethanta triomaigh i gcomparáid le réigiúin ilchríochacha eile atá suite ar an domhanleithead céanna. A bhuí le hacmhainneacht ithir dhonn na foraoise chun uisce a choinneáil, bíonn soláthar leordhóthanach uisce ag na fíniúnacha, fiú le linn theaspach an tsamhraidh. Áirithítear leis an bhfeiniméan nádúrtha sin go mbíonn comhdhéanamh aigéadachta éadroime agus comhchuí ag na cineálacha fíniúna a fhástar sa limistéar agus go gcoinníonn siad a ndea-bholaithe torthaíocha príomhúla. Is féidir torthaíocht agus úire shaintréitheach na bhfíonta leathshúilíneacha aeraithe 'Dunántúli/Dunántúl' a rianú siar chuig an bhfeiniméan nádúrtha ar leith sin agus chuig na cineálacha fíniúna a fhástar ansin.

9. **Ceanglais shonracha bhreise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Rialacha maidir leis an ainmniúchán a bhaineann leis an gcatagóir um chosaint tionscnaimh

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Rialacha maidir le tásca:

Is féidir an nath traidisiúnta 'tájbor' [fíon tuaithe] a chur in ionad an natha 'oltalom alatt álló földrajzi jelzés' [Tásc Geografach Faoi Chosaint].

D'fhéadfadh an t-aistriúchán Béarla 'Transdanubia' a bheith le feiceáil sa réimse radhairc chéanna leis an tásc geografach faoi chosaint 'Dunántúli/Dunántúl'.

Rialacha maidir le nathanna is féidir a chur in iúl

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Fíon – geal:

— ‘Nuabhuainte’ nó ‘első szüret’ [an chéad bhuain]

— Muskotály [Muscat]

— ‘Cuvée’ nó ‘küvé’

— ‘Szűretlen’ [Neamhscagtha]

— Primőr [Primeur] nó Újbor [Fíon nua]:

— bairille, nó ‘barrique-ban erjesztett’ [coipthe i mbairille] nó ‘...hordóban erjesztett’ [... coipthe i gcascaí], nó ‘barrique-ban érlelt’ [aosaithe i mbairillí] nó ‘...hordóban érlelt’ [... aosaithe i gcascaí]

Fíon – rosé:

— ‘Nuabhuainte’ nó ‘első szüret’ [an chéad bhuain]

— ‘Cuvée’ nó ‘küvé’

— ‘Szűretlen’ [Neamhscagtha]

— Primőr [Primeur] nó Újbor [Fíon nua]:

Fíon – dearg:

— ‘Siller’

— ‘Nuabhuainte’ nó ‘első szüret’ [an chéad bhuain]

— ‘Cuvée’ nó ‘küvé’

— ‘Szűretlen’ [Neamhscagtha]

— Primőr [Primeur] nó Újbor [Fíon nua]:

— bairille, nó ‘barrique-ban erjesztett’ [coipthe i mbairille] nó ‘...hordóban erjesztett’ [... coipthe i gcascaí], nó ‘barrique-ban érlelt’ [aosaithe i mbairillí] nó ‘...hordóban érlelt’ [... aosaithe i gcascaí]

Fíon leathshúilíneach aeraithe – geal:

— ‘Nuabhuainte’ nó ‘első szüret’ [an chéad bhuain]

— Muskotály [Muscat]

— ‘Cuvée’ nó ‘küvé’

— Primőr [Primeur] nó Újbor [Fíon nua]:

Fíon leathshúilíneach aeraithe – rosé:

— ‘Nuabhuainte’ nó ‘első szüret’ [an chéad bhuain]

— ‘Cuvée’ nó ‘küvé’

— Primőr [Primeur] nó Újbor [Fíon nua]:

Fíon leathshúilíneach aeraithe – dearg:

— ‘Nuabhuainte’ nó ‘első szüret’ [an chéad bhuain]

— ‘Cuvée’ nó ‘küvé’

— Primőr [Primeur] nó Újbor [Fíon nua]:

Rialacha maidir leis an nath ‘muskotály’

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Mar nath srianta, ní féidir 'muskotály' a bheith le feiceáil ach amháin ar lipéadú fíonta a bhfuil an comhdhéanamh cineálach seo a leanas acu:

i) ní mór 85 % ar a laghad (seachas cainníocht na dtáirgí a úsáidtear i milsiú) a bheith de chineálacha Csabagyöngye, Hamburgi muskotály, Mátrai muskotály, Cserszegi fűszeres, Irsai Olivér, Nektár, Ottonel muskotály, Pölöskei muskotály, Sárga muskotály, nó Zefír;

ii) ní mór suas le 15 % a bheith de chineálacha Bacchus, Piros Bakator, Bianca, Blauer Silvaner, Budai, Chardonnay, Chasselas, Csomorika, Ezerfürtű, Ezerjó, Furmint, Generosa, Hárslevelű, Juhfark, Karát, Kéknyelű, Királyleányka, Korai piros veltelíni, Korona, Kövérszőlő, Kövidinka, Leányka, Olasz rizling, Pátria, Pinot blanc, Pintes, Piros veltelíni, Rajnai rizling, Rizlingszilváni, Rozália, Rózsakő, Sárfehér, Sauvignon, Semillon, Szürkebarát, Tramini, Viktória gyöngye, Vulcanus, Zala gyöngye, Zengő, Zenit, Zeus, Zöld veltelíni, Zöld szagos, Zöld szilváni, nó Viognier.

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe:

Creat dlíthiúil:

I Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar táirgí fíona 'Dunántúli/Dunántúl' a tháirgeadh ach sa limistéar críochaithe nó, mar gheall ar thraidisiúin stairiúla, agus i gcomhréir le hAirteagal 5(1a) de Rialachán (AE) 2019/33, sna bardais seo a leanas sa dá chontae atá suite díreach in aice leis an limistéar críochaithe:

— Contae Bács-Kiskun:

Akasztó, Apostag, Ágasegyháza, Baja, Ballószög, Balotaszállás, Bácsalmás, Bácsszőlős, Bátmonostor, Bócsa, Borota, Bugac, Császártöltés, Csátalja, Csávoly, Csengőd, Csikéria, Csólyospálos, Dávod, Dunapataj, Dunavecse, Dusnok, Érsekcsanád, Érsekhalma, Felsőlajos, Fülöpháza, Fülöpjakab, Fülöpszállás, Hajós, Harkakötöny, Harta, Helvécia, Imrehegy, Izsák, Jakabszállás, Jánoshalma, Jászszentlászló, Kaskantyú, Kecel, Kecskemét, Kelebia, Kéleshalom, Kerekegyháza, Kiskőrös, Kiskunfélegyháza, Kiskunhalas, Kiskunmajsa, Kisszállás, Kunbaja, Kunbaracs, Kunfehértó, Kunszállás, Kunszentmiklós, Ladánybene, Lajosmizse, Lakitelek, Mélykút, Móricgát, Nagybaracska, Nemesnádudvar, Nyárlőrinc, Orgovány, Páhi, Pirtó, Rém, Solt, Soltszentimre, Soltvadkert, Sükösd, Szabadszállás, Szank, Szentkirály, Tabdi, Tázlár, Tiszaalpár, Tiszakécske, Tiszazug, Tompa, Vaskút, Zsana.

agus

— Contae Pest:

Abony, Albertirsa, Budapest-Rákosliget, Cegléd, Ceglédbercel, Csemő, Dány, Dömsöd, Gomba, Hernád, Inárcs, Kakucs, Kerepes, Kisnémedi, Kocsér, Kóka, Mogyoród, Monor, Monori erdő, Nagykőrös, Nyársapát, Ócsa, Őrbottyán, Örkény, Pilis, Ráckeve, Szada, Szigetcsép, Szigetszentmárton, Szigetújfalu, Tápiószele, Tápiószentmárton, Tóalmás, Tököl, Újlengyel, Vác, Vácegres, Vácrátót, Veresegyház,

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/4/4c/e2000/DUNANTUL_OFJ_termekleiras%20v3_boraszat_220405.pdf